Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0139(COD)**

**5103/1/23**
**REV 1 ADD 1**

**VISA 2**
**COWEB 2**
**COMIX 5**
**CODEC 5**
**PARLNAT 32**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv*)<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 9 Márta 2023 |

* This designation is without prejudice to positions on status, and is in line with UNSCR 1244/1999 and the ICJ Opinion on the Kosovo declaration of independence.

## I. RÉAMHRÁ

1. An 4 Bealtaine 2016, thíolaic an Coimisiún togra[1] le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arb é is aidhm dó an tagairt do 'an Chosaiv*' in Iarscríbhinn I (ceanglas víosa) a scriosadh agus an tagairt chéanna a chur isteach in Iarscríbhinn II (saor ó víosa) dá bhfuil i Rialachán (AE) 2018/1806 anois. Sa tuarascáil chríochnaitheach uaidh maidir leis an treochlár um léirscaoileadh víosaí[2], dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil na ceanglais bainte amach ag an gCosaiv ar an tuiscint go mbeadh, faoin lá a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra, an comhaontú faoin teorainn le Montainéagró daingnithe ag an gCosaiv agus a cuntas teiste curtha i bhfáth aici chun an choireacht eagraithe agus an chaimiléireacht a chomhrac.

2. I mí Iúil 2018, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil[3] inar thángthas ar an gconclúid go raibh an dá thagarmharc a bhí fágtha bainte amach ag an gCosaiv, mar thoradh ar an gcomhaontú um chríochú teorann le Montainéagró a dhaingniú.

3. An 28 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, tríd an togra ón gCoimisiún a fhormhuiniú. In 2022, tháinig Thijs Reuten (S&D, NL) in ionad an rapóirtéara bunaidh, Tanja Fajon (S&D, SL).

4. Sa Chomhairle, chuir na comhlachtaí ullmhúcháin an scrúdú ar an togra ón gCoimisiún ar feitheamh in 2016, ós rud é gur ghá an dá thagarmharc a bhí fágtha a chomhlíonadh *sula* ndéanfaí aon phlé nua ar an gcomhad. Rinneadh tuilleadh plé freisin in 2018 agus in 2020.

5. In 2022, chomhaontaigh an Coimisiún tuairisc a thabhairt i scríbhinn ar an dul chun cinn breise atá déanta ag an gCosaiv. Agus sin á dhéanamh, d'fhreagair sé iarraidh sheanbhunaithe na Comhairle. Sa pháipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún dar teideal 'Nuashonrú iarbhír maidir le príomhfhorbairtí i réimsí príomhleasa do na Ballstáit', thángthas ar an gconclúid gur lean an Chosaiv de bheith ag comhdhlúthú dul chun cinn sna príomhréimsí a sainaithníodh sa treochlár maidir le léirscaoileadh víosaí agus, dá bhrí sin, go raibh an bunús le moladh 2018 ón gCoimisiún sealbhóirí pasanna na Cosaive a dhíolmhú ó cheanglais víosa i leith gearrfhanachtaí fós bailí go hiomlán.

---

[1] 8670/1/16 REV 1.
[2] 8764/16.
[3] 11295/18 + ADD 1 REV 1.

6. Tar éis an páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún a bheith curtha i láthair, cuireadh tús arís leis an obair ar an gcomhad sa Chomhairle. Ag an gcruinniú a bhí aige an 30 Samhain 2022, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú chun dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa[4].

7. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht go luath ina dhiaidh sin. Tar éis an chéad chruinnithe theicniúil a tionóladh an 12 Nollaig 2022, tionóladh cruinniú tríthaobhach polaitiúil an 14 Nollaig 2022 in Strasbourg. Tháinig an dá chomhreachtóir ar chomhaontú trí theacht ar chomhréiteach maidir leis an líon beag saincheisteanna atá fós gan réiteach a sainaithníodh ar an leibhéal teicniúil.

8. An 20 Nollaig 2022, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh sealadach d'fhonn teacht ar chomhaontú agus dhearbhaigh siad é[5].

9. An 12 Eanáir 2023, dhearbhaigh an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (Coiste LIBE) i bParlaimint na hEorpa an comhaontú polaitiúil agus chuir Cathaoirleach LIBE litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 13 Eanáir 2023 ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an Rialachán ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlí agus teanga, go bhformheasfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

10. Níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, toisc gur forbairt é ar fhorálacha *acquis* Schengen, nach bhfuil Éire rannpháirteach ann.

11. A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin, is forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen é an Rialachán.

12. A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir agus an Rómáin, is é atá sa Rialachán gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí na nIonstraimí Aontachais faoi seach.

---

[4] 15462/22.
[5] 16276/22.

## II. CUSPÓIR

13. Is é is aidhm don Rialachán an tagairt do 'an Chosaiv*' a aistriú ó Iarscríbhinn I (liosta na dtíortha atá faoi réir ceanglas víosa) chuig Iarscríbhinn II (liosta na dtíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa) i Rialachán (AE) 2018/1806. Mar thoradh air sin, beidh cead taistil gan víosa le haghaidh gearrfhanachtaí (i.e. suas le 90 lá in aon tréimhse 180 lá) san Aontas Eorpach ag sealbhóirí pasanna bithmhéadracha na Cosaive.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

14. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu comhaontú a thabhairt i gcrích ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas, gan leasú, ar an dara léamh. Léirítear go hiomlán, sa téacs i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir, le cúnamh ón gCoimisiún.

15. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, eadhon cead taistil gan víosa a bheith ag daoine a bhfuil pas Cosavach acu, féachtar le réiteach a fháil idir an cuspóir sin agus roinnt ábhar imní a bhaineann leis na rioscaí imirce agus slándála.

16. Chuige sin, tá dáta chur chun feidhme an léirscaoilte víosaí nasctha le teacht i bhfeidhm Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), chun leas iomlán a bhaint as córas TF nua an Aontais, córas a bhfuil sé mar cheann dá chuspóirí cur le hardleibhéal slándála agus inimirce neamhdhleathach a chosc trí mheasúnú críochnúil a dhéanamh ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, sula dtiocfaidh siad chuig pointí trasnaithe teorann seachtraí.

17. Á aithint di go bhfuil an féilire maidir le teacht i bhfeidhm chórais TF an Aontais faoi réir athbhreithniú, léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go mbeidh feidhm ag léirscaoileadh víosaí in aon chás ón 1 Eanáir 2024 ar a dhéanaí, má chuirtear moill bhreise ar thús oibríochtaí ETIAS.

18. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leagtar béim bhreise ar dhá phointe. Ar an gcéad dul síos, an tábhacht a bhaineann le comhar na Cosaive maidir le hathligean isteach, go háirithe trí chomhaontuithe nó socruithe sa réimse seo leis na Ballstáit a thabhairt i gcrích, i gcás nach ann dóibh cheana féin, agus prionsabal an *non-refoulement* á chomhlíonadh go hiomlán. Tá an cuireadh seo gan dochar do sheasaimh na mBallstát maidir le stádas na Cosaive. Ar an dara dul síos, cuirtear i bhfios go láidir sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a thábhachtaí atá sé beartas víosaí na Cosaive a ailíniú le beartas an Aontais, chun imirce neamhrialta i dtreo limistéar Schengen a chosc.

## IV. CONCLÚID

19. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún.

20. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste LIBE chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 13 Eanáir 2023. Cuireann Cathaoirleach Choiste LIBE in iúl sa litir sin go molfaidh sé do chomhaltaí a Choiste, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh, gan leasuithe ar dhara léamh na Parlaiminte, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.